2024/2362

10.10.2024

RÚN (AE) 2024/2362 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 11 Aibreán 2024

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha (an Comhghnóthas um Shliseanna anois) don bhliain airgeadais 2022

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha don bhliain airgeadais 2022,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn IV dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0101/2024),

A. de bhrí, i mí na Samhna 2021, gur bunaíodh an Comhghnóthas Eochairtheicneolaíochtaí Digiteacha ('Comhghnóthas KDT'), atá lonnaithe sa Bhruiséil, don tréimhse a chríochnóidh an 31 Nollaig 2031 faoin gclár Fís Eorpach le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ([1]);

B. de bhrí gur tháinig Comhghnóthas KDT in ionad agus i gcomharbas ar an gComhghnóthas Comhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach (ECSEL) a cuireadh ar bun faoin gclár Fís 2020 i mí na Bealtaine 2014 le Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle ([2]) ar feadh tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024; de bhrí, an 26 Meitheamh 2014, gur tháinig Comhghnóthas ECSEL in ionad agus i gcomharbas ar an gComhairle Chomhairleach Eorpach um an Tionscnamh Nanaileictreonaice agus ar an gComhghnóthas um Thaighde agus Theicneolaíocht Ardfhorbartha le haghaidh Córais agus Faisnéis Neadaithe;

C. de bhrí gur comhpháirtíocht phoiblí-príobháideach é Comhghnóthas KDT a bhíonn ag díriú isteach ar thaighde agus nuálaíocht in eochairtheicneolaíochtaí digiteacha atá bunriachtanach le go mbainfidh an Eoraip ceannaireacht iomaíoch amach sa gheilleagar digiteach, go sonrach in earnáil na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonach;

D. de bhrí gurb iad na comhaltaí bunaidh ná an tAontas Eorpach, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, na Stáit Rannpháirteacha, agus trí chomhlachas tionsclaíochta, is é sin an Comhlachas Eorpach um Lánpháirtiú Córas Cliste, an Comhlachas um Ghníomhaíochtaí Eorpacha Nanaileictreonaice, agus an Comhlachas Tionscail Inside, atá ionadaíoch ar gheallsealbhóirí i micrileictreonaic agus nanaileictreonaic, córais chliste chomhtháite agus córais leabaithe agus chibirfhisiciúla;

E. de bhrí, i mí Iúil 2023, de bhun Rialachán (AE) 2023/1782 ón gComhairle ([3]), go ndearnadh Comhghnóthas KDT a aistriú ina Chomhghnóthas um Shliseanna; de bhrí, de réir an leasaithe, gurb é an réimse sainchúraimí feabhsaithe atá ag an gComhghnóthas um Shliseanna ná forbairt teicneolaíochtaí leathsheoltóra nuálacha den chéad ghlúin eile a chothú agus acmhainneachtaí táirgthe sliseanna san Eoraip faoin 'Tionscnamh Sliseanna don Eoraip' a neartú; de bhrí go méadóidh na ranníocaíochtaí ón Aontas le Comhghnóthas KDT ó EUR 1,8 billiún go dtí EUR 4,2 billiún, agus go bhfuil EUR 2,7 billiún le cistiú as an gclár 'Fís Eorpach' agus EUR 1,5 billiún as an gclár don Eoraip Dhigiteach;

F. de bhrí, chun trédhearcacht a mhéadú, gur cheart do Chomhghnóthas KDT faisnéis ábhartha maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir a nochtadh ina chuntais bhliantúla; de bhrí, le haghaidh gach clár a bhfuil siad ag oibriú fúthu, gur cheart don Chomhghnóthas KDT gach faisnéis ábhartha, lena n-áirítear na spriocanna dlíthiúla do na ranníocaíochtaí atá socraithe don chlár ar leith, méid na ranníocaíochtaí atá faighte agus méid na ngealltanas dlíthiúil, a chur i láthair in aghaidh na ballchatagóire suas go dtí deireadh na bliana; de bhrí gur cheart do Chomhghnóthas KDT leanúint den trédhearcacht a fheabhsú;

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fhís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas ECSEL (IO L 169, 7.6.2014, lch. 152).

([3]) Rialachán (AE) 2023/1782 an 25 Iúil 2023 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fhís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna (IO L 229, 18.9.2023, lch. 55).

Barúlacha ginearálta

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil na hathruithe i méid bhuiséad an Chomhghnóthais KDT ag brath go mór ar chéim chur chun feidhme na gclár ilbhliantúil taighde agus nuálaíochta, atá á gcur chun feidhme ag Comhghnóthas KDT;

2. á chur in iúl gur geal léi rannchuidiú Chomhghnóthas KDT chun uathriail straitéiseach an Aontais a neartú in earnáil na gcomhpháirteanna agus na gcóras leictreonaice;

3. ag tabhairt dá haire go raibh tús curtha ag Comhghnóthas KDT i ndeireadh 2021 leis na chéad ghlaonna faoi Fhís Eorpach a sheoladh; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil an gealltanas buiséid do na chéad ghlaonna faoi Fís Eorpach a bhí beartaithe do 2022, mar aon leis an mbuiséad íocaíochtaí do na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe gaolmhara, san áireamh i mbuiséad 2022;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

4. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí ('tuarascáil na Cúirte') go gcuirtear staid airgeadais an Chomhghnóthais, torthaí a oibríochtaí, a shreafaí airgid agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin i láthair go cothrom, ar gach gné ábhartha, i gcuntais bhliantúla Chomhghnóthas KDT an 31 Nollaig 2022, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus le rialacha cuntais arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dleathach agus rialta i ngach cás ábhartha;

5. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur shroich na leithreasuithe iomlána a bhí ar fáil EUR 261,4 milliún le haghaidh gealltanas (i gcomparáid le EUR 214,0 milliún in 2021) agus EUR 222,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (i gcomparáid le EUR 199,3 in 2021) ([4]); ag tabhairt dá haire freisin, gur shroich cur chun feidhme an bhuiséid 100 % i dtéarmaí leithreasaithe faoi chomhair gealltanas agus 55 % i dtéarmaí leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, maidir le cuntais bhliantúla 2022 ó Chomhghnóthas KDT, nár nocht Comhghnóthas KDT faisnéis thábhachtach maidir le ranníocaíochtaí na gcomhaltaí ar leibhéal an chláir, ar faisnéis í sin a bhí ábhartha ó thaobh ghnóthachain Chomhghnóthas KDT ag deireadh na bliana a chur in iúl ar bhealach iomlán; ag tabhairt dá haire, go háirithe, nach ndearna Comhghnóthas KDT comparáid idir na ranníocaíochtaí a bhí faighte ó gach ballchatagóir suas go dtí deireadh na bliana faoi gach aon chlár agus na spriocanna de ranníocaíocht dhlíthiúil a bhí socraithe don chlár a bhí i gceist; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár nocht Comhghnóthas KDT ranníocaíochtaí na Stát Rannpháirteach le Comhghnóthas KDT sna cuntais sin ([5]); ag iarraidh ar Chomhghnóthas KDT dul i ngleic leis na saincheisteanna sin agus á chur in iúl gur geal léi a ghealltanas chun faisnéis a sholáthar, go háirithe a mhéid a bhaineann le comparáid a dhéanamh idir spriocanna dlíthiúla na gclár atá i gceist;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór ranníocaíochtaí chomhchineáil chomhaltaí príobháideacha Chomhghnóthas KDT le bailíochtú go fóill (EUR 1 172,5 milliún);

8. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, go raibh ranníocaíocht uasta oibríochtúil AE de EUR 1 169,7 milliún le haghaidh comhaontuithe deontais a bhí sínithe faoi chlár Fís 2020 geallta go hiomlán ag Comhghnóthas KDT, agus go bhfuil thart ar EUR 139,2 milliún (nó 11,9 %) den mhéid geallta sin fós le híoc sna blianta atá le teacht le haghaidh tionscadail atá fós le cur i gcrích;

9. ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2022, gur mheas Comhghnóthas KDT gurbh ionann ranníocaíochtaí comhchineáil féideartha deiridh na gcomhaltaí príobháideacha le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla faoi Fhís 2020 agus EUR 1 579 milliún nó 97,6 % den sprioc íosta de EUR 1 617,5 milliún; ag tabhairt dá haire nach féidir le Comhghnóthas KDT ranníocaíochtaí comhchineáil na gcomhaltaí príobháideacha a ríomh agus a bhailíochtú go dtí go bhfuil gach íocaíocht déanta ag Comhghnóthas KDT agus ag na Stáit Rannpháirteacha, agus go bhfuil gach deimhniú do dheireadh tionscadail agus na deimhnithe gaolmhara do na ráitis airgeadais faighte; ag tabhairt dá haire, sa chomhthéacs sin agus i bhfianaise nach raibh ach méid teoranta de thionscadail Fís 2020 críochnaithe ag deireadh 2022, gurbh ionann na ranníocaíochtaí comhchineáil tionscail a bhí bailíochtaithe agus EUR 406,5 milliún (nó 25 % den sprioc);

([4]) Áirítear sa bhuiséad atá ar fáil leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh, ar leithreasuithe iad a chuir an Comhghnóthas isteach sa bhuiséad arís don bhliain reatha, ioncaim shannta agus ath-leithdháiltí don bhliain dár gcionn.

([5]) Tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Comhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2022.

10. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na cinntí cistiúcháin ó Bhord na nÚdarás Poiblí i gComhghnóthas KDT le haghaidh na nglaonna ar thograí ó 2014 go 2020, gurbh é meastachán na Cúirte Iniúchóirí, amhail ag deireadh 2022, ná go raibh tiomantais chonarthacha de luach EUR 1 106,2 milliún (nó 95 % den sprioc) sínithe ag na Stáit Rannpháirteacha, agus as an méid sin, gur dhearbhaigh siad ranníocaíochtaí airgeadais iomlána de EUR 495,3 milliún, a raibh sé sin íoctha go díreach acu le tairbhithe náisiúnta na dtionscadal faoi Fhís 2020 a raibh siad ag tacú leo; ag tabhairt dá haire, gurb ann don difríocht sna figiúirí mar nach ndéanann na Stáit Rannpháirteacha a gcuid costas a aithint agus a thuairisciú do Chomhghnóthas KDT go dtí go mbíonn na tionscadail faoi Fhís 2020 a bhfuil siad ag tacú leo tugtha chun críche;

11. ag tabhairt dá haire go ndeachaigh cur chun feidhme íocaíochtaí buiséid 2022 do ghníomhaíochtaí Fís 2020 in olcas de réir mar a mhéadaigh costais ar na tairbhithe agus de réir mar a bhí fadhbanna seachadta acu;

12. ag tabhairt dá haire, i gcás gníomhaíochtaí faoi Fhís 2020, nach bhfuair Comhghnóthas KDT aon leithreasú nua faoi chomhair gealltanas le haghaidh cúrsaí oibríochtúla toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích ag Comhghnóthas KDT faoi dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire gur thit ráta cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair na n-íocaíochtaí oibríochtúla go 74 % (i gcomparáid le 85 % in 2021), rud a tharla mar gheall ar na fadhbanna a bhí ann do na tairbhithe de dheasca COVID-19, de réir Comhghnóthas KDT; ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gcás líon as cuimse de na tionscadail faoi Fís 2020 atá fós ar siúl, gur cuireadh moill ar na gníomhaíochtaí teicniúla mar gheall ar ghanntanas in ábhair sliseanna nó mar gheall nach raibh daoine den fhoireann in ann rochtain a fháil ar shaoráidí forbartha agus tástála agus dá bhrí sin, gurbh éigean na tionscadail sin a leasú nó a fhadú agus na híocaíochtaí deiridh a chur siar go dtí 2023;

13. ag teacht leis an mbarúil ón gCúirt gur cheart do Chomhghnóthas KDT plean gníomhaíochta amsceidealaithe a bhunú chun cur chun feidhme na dtionscadal a formheasadh faoi CAInna roimhe seo a thabhairt chun críche;

14. ag tabhairt dá haire, maidir le cur chun feidhme na gclár Fís Eorpach, ag deireadh 2022, go ndearna an Coimisiún ranníocaíochtaí airgid thirim de EUR 171,1 milliún, ar úsáid Comhghnóthas KDT EUR 42,3 milliún de sin le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe a bhain leis na chéad chomhaontuithe deontais a bhí tugtha i gcrích faoi Fhís Eorpach;

15. ag tabhairt dá haire go raibh an ráta cur chun feidhme don bhuiséad le haghaidh íocaíochtaí riaracháin Chomhghnóthas KDT (Teideal 2) íseal ag 63 % ag deireadh 2022; ag tabhairt dá haire, de réir Tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséad agus airgeadais 2022 ó Chomhghnóthas KDT, go raibh sin amhlaidh go príomha mar gheall ar uirlisí TF chun tacú le córas lárbhainistithe na ranníocaíochtaí airgeadais a bheith curtha siar agus mar gheall ar laghdú i ngníomhaíochtaí cumarsáide;

16. ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, i gcás Comhghnóthas KDT, gur tharla laghdú i ráta cur chun feidhme a bhuiséid oibríochtúil mar gheall ar ardú ar chostais agus fadhbanna seachadta a bhí ann do na tairbhithe ag éirí as géarchéim COVID-19 agus as an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine;

Soláthar agus foireann

17. ag tabhairt dá haire, ó Thuarascáil bhliantúil chomhdhlúite gníomhaíochta 2022, go mbainistítear soláthar agus conarthaí i gcomhréir le forálacha rialacha airgeadais KDT agus go gcomhordaítear iad laistigh d'Fhoireann riaracháin agus airgeadais KDT;

18. ag tabhairt dá haire, thairis sin, i gcomhthéacs na bainistíochta fónta airgeadais agus na héifeachtúlachta, gur bhain Comhghnóthas KDT an úsáid is mó is féidir as na comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse éagsúla a tugadh i gcrích cheana le Seirbhísí ábhartha an Choimisiúin, chomh maith lena chomhaltaí príobháideacha agus gur bhain sé úsáid freisin as creatchonarthaí idirinstitiúideacha (e.g., seirbhísí agus trealamh TF, seirbhísí foirne eatramhacha, seirbhísí iniúchóireachta seachtracha);

19. ag tabhairt dá haire, in 2022, gur reachtáil Comhghnóthas KDT líon an-bheag de nósanna imeachta soláthair, go bunúsach le haghaidh conarthaí ar luach íseal agus nár seoladh aon nósanna imeachta soláthair a bhaineann le gníomhaíochtaí oibríochtúla le linn na bliana sin;

20. ag tabhairt dá haire, i bplean bunaíochta foirne Chomhghnóthas KDT do 2022, go ndéantar foráil do 30 gníomhaire sealadach nó gníomhaire ar conradh agus, ag deireadh 2022, go raibh 25 bhall foirne reachtúla fostaithe ag Comhghnóthas KDT, le hocht náisiúntacht (8 BE, 5 FR, 4 ES, 2 BG, 2 EL, 2 RO, 1 IT, 1 PL) agus 11 fear, 14 bhean, ina measc;

21. ag tabhairt dá haire gur seoladh sé nós imeachta earcaíochta seachtracha in 2022; stiúrthóir feidhmiúcháin, comhfhreagraí cuntasaíochta agus airgeadais, oifigeach cláir, oifigeach buiséid, cúntóir airgeadais, ceann earnála, poist le bheith líonta in 2023;

22. maidir leis an ráta athraithe foirne, chuaigh Ceann na Cumarsáide ar scor an 1 Aibreán 2022, d'fhág an comhfhreagraí cuntasaíochta Comhghnóthas KDT an 1 Deireadh Fómhair 2022, d'fhág an t-oifigeach buiséid an 1 Samhain 2022, agus tháinig deireadh le conradh an stiúrthóra feidhmiúcháin an 31 Deireadh Fómhair 2022;

Bainistíocht agus rialú

23. ag tabhairt dá haire, maidir le caiteachas Fís 2020 agus Fís Eorpach, go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta de chuid Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta sa Choimisiúin freagrach as iniúchtaí *ex post*, agus maidir le caiteachas Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh), thuairiscigh Comhghnóthas KDT ráta earráide ionadaíoch de 2,6 % agus ráta earráide iarmharach de 0,8 % ([6]); ag tabhairt dá haire, i gcás an chláir Fís Eorpach, go bhfuil iniúchtaí *ex-post* fós le déanamh mar nach bhfuiltear ag dréim leis go mbeidh na chéad íocaíochtaí eatramhacha déanta go dtí 2024;

24. ag tabhairt dá haire, chun na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas KDT a mheasúnú, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar shampla randamach d'íocaíochtaí an chláir Fís 2020 a rinneadh in 2022, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh ([7]); ag tabhairt dá haire nár aimsigh an Chúirt aon earráidí ná aon laigí rialaithe ag tairbhithe Chomhghnóthas KDT a sampláladh;

25. ag cur in iúl gur geal léi gur chuir Comhghnóthas KDT faireachán rioscabhunaithe chun feidhme ar thionscadail i gcomhréir le bonnlíne an Choimisiúin, chomh maith le measúnú riosca a dhéanamh ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus ar nuatheachtaithe; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil treoirlínte inmheánacha forbartha fós ag Comhghnóthas KDT chun na próisis a chomhdhlúthú; ag tabhairt dá haire, i gcás Comhghnóthas KDT, go raibh an riosca go mbeadh earráidí in íocaíochtaí deontais maolaithe ag an bhfíoras go ndearna na Stáit Rannpháirteacha rialuithe mionsonraithe *ex-ante* ar incháilitheacht na gcostas tionscadal a tuairiscíodh le haghaidh cómhaoiniú náisiúnta, do na tairbhithe a bhí ag oibriú ina gcríoch náisiúnta féin;

26. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go raibh na Stáit Rannpháirteacha ag comhoibriú go dlúth le Comhghnóthas KDT agus gur chuir siad in iúl go pras dó má bhraith siad mórearráidí, neamhrialtachtaí agus féimheachtaí cláraithe; ag tabhairt dá haire, thairis sin, murab ionann agus comhghnóthais eile, go ndearnadh an tairseach 90 % le haghaidh réamh-mhaoiniú a chur i bhfeidhm ar leibhéal an tairbhí, agus gurbh éigean leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú deontais má bhí aon athrú le déanamh ar an mbuiséad costais i measc chomhaltaí an chuibhreannais; ag tabhairt dá haire go ndearna Comhghnóthas KDT rialú ar chomhlíonadh na gcritéar sonrach sin lasmuigh de Compass ([8]), agus gur seiceálacha caighdeánaithe de láimh i scarbhileoga Excel a rinne na hoifigigh tionscadal;

27. ag aontú leis an gCúirt gur cheart do Chomhghnóthas KDT treoraíocht phraiticiúil inmheánach a fhorbairt maidir leis an gcaoi le faireachán rioscabhunaithe a chur chun feidhme ar leibhéal na dtionscadal agus na dtairbhithe, agus faoin gcaoi ar cheart don fhoireann an modúl bainistithe riosca atá ar fáil in Compass a úsáid;

28. ag iarraidh ar Chomhghnóthas KDT aghaidh a thabhairt ar laigí sa chaoi ar úsáid siad an uirlis faireacháin threisithe;

29. ag tabhairt dá haire, de réir na Cúirte, nach ndearnadh gníomhaíochtaí rialaithe sonracha a bhaineann leis na rioscaí a shainiú, nó nár socraíodh dáta dlite a gcur chun feidhme; ag tabhairt dá haire ar an dáta dlite sainithe a dhul in éag, nach ndearnadh an bhratach faireacháin treisithe a athnuachan ná a dhúnadh; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach ndearna an t-oifigeach an leibhéal riosca a athmheasúnú, chomh maith leis sin, tar éis do na gníomhaíochtaí rialaithe a bheith curtha chun feidhme;

30. ag aontú le measúnú na Cúirte gur cheart do Chomhghnóthas KDT a áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí rialaithe sonracha ag gabháil leis na gníomhaíochtaí faireacháin threisithe uile lena ndírítear ar na rioscaí sainaitheanta, agus go ndéanfar obair leantach orthu ag spriocdháta réamhshainithe;

([6]) Tuarascáil bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí 2022 ó Chomhghnóthas KDT, caibidil 4.1.1.1.

([7]) Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ag na tairbhithe, is é 1 % de na costais faoi iniúchóireacht an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

([8]) Córas ríomhdheontais an Choimisiúin.

Obair leantach ar bharúlacha ó bhlianta roimhe seo

31. ag tabhairt dá haire nach ‘moltaí le fráma ama’ ón gCúirt iad na ‘barúlacha’ i dtuarascálacha bliantúla sonracha Chomhghnóthas KDT; ag tabhairt dá haire go ndéanann CIE obair leantach ar bhonn bliantúil ar na barúlacha sin trí mheasúnú a dhéanamh ar a stádas mar stádas ‘oscailte’ nó ‘dúnta’;

32. ag tabhairt dá haire, in 2021, gur eisigh an Chúirt trí bharúil, agus go bhfuil dhá cheann acu dúnta; baineann an bharúil oscailte leis an ngá atá ann níos mó ball foirne a earcú chun an 50 ball foirne reachtúil atá beartaithe a bhaint amach faoi 2025, ós rud é go gcuirfidh Comhghnóthas KDT tionscadail de thart ar EUR 10,9 billiún chun feidhme faoi CAI 2021-2027.